Smúdaí Seacláide

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Lean an t-oideas thíos le smúdaí blasta a dhéanamh

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 8 Bealtaine mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhán €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Comhábhair:

400ml. bainne

100g iógart nádúrtha (Gréagach)

1 banana

1 spúnóg bhoird púdar cócó

1 spúnóg bhoird ros lín órga

1 spúnóg bhoird síol chia

2 taespúnóg meala

*Is féidir an Ros Lín agus an Síol Chia a fhágáil as an smúdaí mura bhfuil siad agat.

Modh

Cuir an t-iomlán isteach sa chumascóir agus déan é a ghreadadh go bhfuil sé mín. Doirt isteach i dtrí ghloine agus ól as láimh é.

'TIOCFAIMID SLÁN'

'Tiocfaimid slán'

Ainm an pháiste:	
Aois:	
Ainm an tuismitheora:	
Seoladh baile:	
Seoladh ríomhphoist:	

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsiú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scriosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.

Tuismitheoirí na Gaeltachta

Tuairisc.ie

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta